An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority



# Treoirlínte maidir le Comhchoistí Póilíneachta

# Clár


## Réamhrá 2

## Ról an Chomhchoiste Phóilíneachta 3

1.1 Cad é is cuspóir le CCP? 3

1.2 Cén bealach is fearr chun cuspóir an CCP a bhaint amach? 4

1.3 Cad iad na saincheisteanna a mbíonn CCP ag plé leo? 4

## Feidhmeanna an CCP 4

2.1 Grúpa Stiúrtha 4

2.2 Cruinnithe an CCP 5

2.3 Fóraim Phóilíneachta Áitiúla 6

2.4 Ag obair le struchtúir eile sa phobal 6

2.5 Fócas Straitéiseach 7

## Rialachas 8

3.1 Cathaoirleach an CCP agus comhaltaí an CCP a cheapadh 8

3.2 Cuntasacht 9

## Meastóireacht agus Forbairt Acmhainne 10

4.1 Cur Chuige i leith Meastóireachta 10

4.2 Forbairt Acmhainne agus comhroinnt eolais 11

## Aguisín 1: Ballraíocht CCP 12

## Aguisín 2: Cruinnithe an CCP 13

## Aguisín 3: Cruinnithe a riar 14

# Réamhrá

Rinne an tÚdarás Póilíneachta na treoirlínte seo a fhorbairt mar chuid dá ról reachtúil maidir le Comhchoistí Póilíneachta (CCPnna). Tagann siad in ionad na dtreoirlínte uile a bhí ann roimhe seo, atá tarraingthe siar anois.

Creideann an tÚdarás go bhfuil féidearthachtaí suntasacha ag baint le CCPnna mar fhóram trínar féidir le pobail dul i ngleic le hábhair a imríonn tionchar ar chúrsaí póilíneachta ina gceantair agus gur féidir leo oibriú i gcomhar le chéile chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu. Tá feidhm agus cuspóir CCPnna leagtha amach go mion sna treoirlínte seo. Cuirtear eolas ar fáil iontu do chomhaltaí an CCP agus don phobal maidir leis an dóigh a n-oibríonn na coistí.

Cuirtear in iúl iontu freisin nithe a mbítear ag súil leo ó CCPnna:

- go mbíonn siad cuntasach dá bpobal dá ilghnéithí é;
- go mbíonn siad airdeallach agus freagrach don phobal sin, ag baint úsáid as struchtúir phobail atá ann cheana agus as cinn nua chun éisteacht lena riachtanais agus iad a thuiscint;
- go mbíonn siad straitéiseach; agus
- go leanann siad dá gcuid oibre a mheas agus a ndúshlán féin a thabhairt lena chinntiú go gcuirfidh siad i gcrích na nithe seo a bhfuiltear ag súil leo.

Tá sonraí maidir le gnéithe áirithe a bhaineann leis na treoirlínte agus atá ceaptha chun cuidiú le baill an CCP a gcuid oibre a dhéanamh, ar fáil sna haguisíní. Beidh teimpléid agus treoir ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Phóilíneachta, **www.policingauthority.ie**, chun cuidiú le príomhdhoiciméid agus cláir oibre a fhorbairt.

# Ról an Chomhchoiste Phóilíneachta

## 1.1 Cad é is cuspóir le CCP?

a. Forálann Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (an tAcht) do bhunú CCP i limistéar riaracháin gach údaráis áitiúil. Is é an cuspóir atá le CCP fóram a sholáthar inar féidir le húdarás áitiúil agus Gardaí sinsearacha atá freagrach as póilíneacht sa cheantar, mar aon le comhaltaí Oireachtais agus páirtithe leasmhara pobail dul i gcomhairle, plé agus moltaí a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le póilíneacht an cheantair. Tá sé beartaithe go ginearálta go mbeidh acmhainní ar fáil do ghníomhaíochtaí gach CCP ó na heagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht acu ar an gcoiste.

b. Faoin Acht, ceanglaítear ar an CCP athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil agus patrúin na coireachta, an mhí-oird agus an iompair fhrithshóisialta sa cheantar, lena n-áirítear patrúin agus leibhéil mhí-úsáid alcóil agus drugaí. Ní mór dó freisin na tosca atá mar bhonn leis na leibhéil choireachta, mhí-oird agus iompar frithshóisialta agus a chuireann leo sa cheantar a choinneáil faoi athbhreithniú.

c. Bíonn ar an CCP comhairle a chur ar an údarás áitiúil agus ar an nGarda Síochána faoi na dóigheanna is fearr chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ag féachaint don ghá le gach rud is féidir a dhéanamh chun sábháilteacht agus caighdeán maireachtála a fheabhsú, agus chun coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta sa cheantar a chosc.

d. Meicníocht atá sa CCP trína bhféadfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis agus tuairimí a chur in iúl do Ghardaí sinsearacha chun cuidiú leo a gcuid pleananna póilíneachta bliantúla a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Cuireann sé ar chumas na nGardaí áitiúla faisnéis agus tuairimí a chur in iúl don údarás áitiúil chun cabhrú leis a dhualgais, a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích, lena n-áirítear an dualgas reachtúil atá air breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le bearta a chur i bhfeidhm chun coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta sa cheantar a bhfuil sé freagrach as a chosc.

e. Níl an CCP ann in áit na teagmhála nó an chomhairliúcháin rialta a bhíonn ann ó lá go lá ar an láthair, ar gné den dea-phóilíneacht é, nó an t-idirchaidreamh áitiúil a tharlaíonn idir an t-údarás áitiúil agus na Gardaí. Acmhainn phobail bhreise agus thábhachtach atá ann, agus is féidir í a úsáid chun an cineál obair chomhpháirtíochta a éascú atá riachtanach chun go leor de na deacrachtaí a bhíonn roimh phobail a réiteach.

f. Tugann an CCP deis don údarás áitiúil agus don Gharda Síochána a bheith ag obair le comhaltaí Oireachtais agus le páirtithe leasmhara pobail i gcomhar le chéile chun cur le sábháilteacht agus le caighdeán maireachtála an phobail agus iad a fheabhsú. Is comhpháirtíocht í ina n-aithnítear an gá atá le comhoibriú chun réitigh a fháil ar na saincheisteanna atá ag cur isteach ar an bpobal áitiúil nó atá ina gcúiseanna imní don phobal áitiúil.

## 1.2 Cén bealach is fearr chun cuspóir an CCP a bhaint amach?

a. Deis atá sa CCP dul i mbun comhairliúchán agus tuairimí a mhalartú, ach sa deireadh ní mór dó teacht ar dhóigheanna chun a chuid acmhainní a chomhordú agus tús áite a dhéanamh de ghníomhaíochtaí a thugann réitigh don phobal.

b. Ní mór don CCP é féin agus a chomhaltaí a bheith cuntasach as na réitigh sin a thabhairt. Is fóram straitéiseach é an CCP agus bíonn an plé a tharlaíonn ann dírithe ar thorthaí agus tuigeann a chomhaltaí an chomhfhreagracht agus an chuntasacht atá orthu go léir. Ní leor go ndéantar an fhaisnéis a roinnt agus a chur i láthair.

c. Is ríthábhachtach go mbeadh cur chuige comhpháirtíochta comhchoiteann ann maidir le freagracht a shannadh agus a ghlacadh as oibriú éifeachtach an CCP agus as cur i bhfeidhm a Straitéise.

## 1.3 Cad iad na saincheisteanna a mbíonn CCP ag plé leo?

a. Tá CCP dírithe ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na beatha a fheabhsú i gceantar, ionas gur féidir leis a bheith ina áit shábháilte don phobal maireachtáil agus obair a dhéanamh ann. I measc na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann, tá cineálacha éagsúla coireachta, iompar frithshóisialta, bainistíocht tráchta, pleanáil d'imeachtaí móra, mí-úsáid substaintí, bainistíocht eastát agus iarrachtaí chun coireacht a chosc.

b. Bíonn an CCP ag freastal ar an bpobal ar fad dá ilghnéithí é agus ba chóir go gcinnteodh sé go bhfanann sé airdeallach ar na saincheisteanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar dhaoine éagsúla sa phobal.

# Feidhmeanna an CCP

## 2.1 Grúpa Stiúrtha

a. Ní mór do gach CCP Grúpa Stiúrtha a chur ar bun, ar a mbeidh Cathaoirleach an CCP, ionadaí sinsearach an Gharda Síochána agus Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil nó duine ar ghrád sinsearach cuí, a ainmníonn siad féin.

b. Tá sé de chúram ar an nGrúpa Stiúrtha feidhmiú éifeachtach an CCP a éascú agus a chinntiú go mbíonn fócas soiléir aige ar ghníomhaíocht straitéiseach agus chomhoibríoch.

c. Go praiticiúil, eagraíonn sé nósanna imeachta freisin chun aon chomhalta nua nó comhaltaí ionaid a cheapadh, dréachtaíonn sé an clár oibre agus eagraíonn sé doiciméadú agus riaradh na gcruinnithe. Agus cláir oibre á ndréachtú ba chóir don Ghrúpa Stiúrtha a chinntiú go dtéann sé i gcomhairle go tréimhsiúil leis na comhaltaí go léir maidir le míreanna atá le cur san áireamh sa chlár.

d. Is é an Grúpa Stiúrtha an pointe teagmhála freisin le haghaidh comhair agus comhghníomhaíochta le CCPnna eile agus le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail (CSPnna), agus le haon fhochoiste den CCP.

e. Is féidir le CCP fochoistí a chur ar bun nuair a mheasann sé go bhfuil sé seo ag teastáil chun a chuspóirí a bhaint amach, mar a thuairiscítear ina Phlean Straitéiseach ilbhliantúil, agus go bhfuil go leor acmhainní ar fáil chun tacú le feidhmiú éifeachtach an fhochoiste. Go hiondúil, cuirfear fochoistí ar bun chun déileáil le réimsí téamacha seachas ceantair gheografacha. Ba cheart don Ghrúpa Stiúrtha aon mholadh chun fochoiste CCP a bhunú a chomhaontú roimh ré agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an ngá atá le fochoiste a bheith ann.

## 2.2 Cruinnithe an CCP

a. Meastar go n-eagróidh gach CCP ceithre chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana (ceann amháin sa ráithe) agus go n-eagrófar ceann amháin ar a laghad de na cruinnithe sin go poiblí. Ba cheart cruinnithe a eagrú ar an láthair ach thiocfadh leo a bheith ann go cianda, nó meascán den dá cheann, de réir na gcúinsí atá ann agus b'fhéidir go mbeadh gá le solúbthacht de chineál éigin.

b. Go ginearálta, ba cheart go mbeadh cead ag an bpobal agus ag an bpreas freastal ar chruinnithe an CCP má iarrann siad, ach amháin sa chás nach féidir é sin a dhéanamh ar chúiseanna dlíthiúla nó rúndachta, nó i gcás ina measann comhalta den CCP nach bhfuil freastal duine áirithe le leas an phobail. Is féidir go ndéanfaidh an CCP cinneadh freisin ar chuid chruinniú nó an cruinniú ar fad a thionól go príobháideach (i gcoiste) má chreideann siad go bhfuil príobháideacht den sórt sin ag teastáil maidir leis an ngnó atá le plé, lena n-áirítear pleanáil ghnó coiste amach anseo.

c. D'fhéadfadh cruinnithe poiblí CCP a bhaineann le cúrsaí a théann i gcion ar phóilíneacht an údaráis áitiúil i gceantar riaracháin a bheith dírithe ar théama a bhaineann le póilíneacht sa cheantar. Ba chóir go mbeadh an fócas ar spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus ar chomhpháirtíocht idir comhaltaí an CCP. Is féidir cruinnithe poiblí breise a thionól chun tabhairt faoi shaincheisteanna éagsúla nó chun ceantar geografach níos leithne a chlúdach.

d. Ba cheart cruinnithe poiblí an CCP a phleanáil leis an gcuid is lú den fhoirmiúlacht, chun nádúr comhoibríoch an CCP a léiriú agus chun rannpháirtíocht an phobail a uasmhéadú. Tugtar deis sna cruinnithe freisin don CCP an pobal a chur ar an eolas faoin obair atá beartaithe agus na torthaí a baineadh amach de réir a Phlean Straitéisigh.

e. Ba cheart don CCP iarrachtaí ar leith a dhéanamh mar chuid dá straitéis chumarsáide poiblíocht agus feasacht a ardú sa cheantar inar bunaíodh é, ar a chuspóir agus ar a chuid feidhmeanna, an uair agus an áit a mbeidh sé ag teacht le chéile, agus cuireadh a thabhairt don phobal freastal ar na cruinnithe poiblí a reáchtálann sé. Ba cheart iarrachtaí agus réiteach cuí a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear ar an eolas faoi na cruinnithe comhaltaí den phobal atá imeallaithe agus nach gcloistear a nguth go minic.

Áirítear leis sin a bheith airdeallach ar cheisteanna amhail rochtain do dhaoine faoi mhíchumas.

f. Chun a chinntiú go mbíonn an deis ag gach duine freastal, ba chóir breithniú a dhéanamh ar chruinnithe a thionól ar fud cheantar an údaráis áitiúil ar fad. Ba chóir cruinnithe a thionól ag amanna agus ag láithreacha a éascaíonn uasfhreastal gach comhalta den choiste. Ba cheart suíomh agus am na gcruinnithe poiblí a chinneadh ionas gur féidir le mórchuid an phobail freastal.

g. Féadfaidh an CCP, nuair is cuí, cuireadh a thabhairt do dhuine nach comhalta é freastal ar an gcruinniú agus labhairt ar ábhar ar leith chun faisnéis agus/nó saineolas a thabhairt chun cuidiú leis an CCP tuiscint a fháil ar shaincheist nó ar a chuid oibre i gcoitinne. *(Tá treoir mhionsonraithe bhreise ar fáil sna haguisíní ar chruinnithe a reáchtáil)*.

## 2.3 Fóraim Phóilíneachta Áitiúla

a. Is féidir leis an CCP freisin, faoi alt 36(2) den Acht, agus i gcomhairle le Ceannfort áitiúil an Gharda Síochána, Fóraim Phóilíneachta Áitiúla a chur ar bun i gcomharsanachtaí ar leith sa cheantar.

b. Is féidir na nósanna imeachta le haghaidh fóraim den sórt sin a bheith ar aon dul leis na nósanna imeachta do CCPnna ach, a oiread agus is féidir, gan a bheith chomh foirmiúil.

c. Is féidir leis na fóraim phóilíneachta áitiúla seo plé agus moltaí a chur faoi bhráid an CCP faoi choireacht agus iompar frithshóisialta agus na cúrsaí sin a imríonn tionchar ar shaol na ndaoine a chuireann fúthu agus a oibríonn sa cheantar a bheith slán agus sábháilte.

d. Is tábhachtach go mbeidh an CCP ar an eolas faoi phleananna agus faoi ghníomhaíochtaí na bhfóram áitiúil i gceantar riaracháin an údaráis áitiúil agus ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na bhfóram na ceisteanna is mó imní a chur faoi bhráid an CCP féachaint chuige an féidir leis cuidiú agus cén dóigh is fearr ar féidir leis cuidiú le tabhairt faoi na ceisteanna sin.

## 2.4 Ag obair le struchtúir eile sa phobal

a. Ba chóir go mbeadh an CCP airdeallach agus eolach ar obair struchtúir phobail eile, ag obair i gcomhpháirtíocht le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, tascfhórsa(í) drugaí áitiúla agus struchtúir áitiúla eile a bhíonn ag obair chun coiriúlacht agus iompar frithshóisialta a chosc agus chun an taithí saoil laistigh dá bpobal a fheabhsú. Ba chóir do na CCPnna a ndícheall a dhéanamh iad féin a chur ar an eolas freisin ar obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteacht Phobail Áitiúla (CSPnna), atá á bpíolótú i dtrí áit dhifriúla agus seo á scríobh (Ionchathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Port Láirge agus Longfort). Thiocfadh le CCPnna gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh le CCPnna nó CSPnna eile trí rún ón dá choiste. D'fhéadfadh an obair sin a bheith bunaithe ar théamaí nó ar bhonn straitéise, agus d'fhéadfaí eolas agus acmhainní breise a roinnt chun leasa a bpobail dá bharr.

b. Ba cheart comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí a bhfuil baint ag a gcuid oibre le sainchúram an CCP nó le sábháilteacht an phobail a mbítear ag riar orthu a spreagadh chun freastal ar chruinnithe an CCP chun dearcadh leathan iomlánaíoch a chur ar fáil agus ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht an phobail á bplé agus ionas gur féidir réitigh ilghníomhaireachta a mheas.

## 2.5 Fócas Straitéiseach

a. Chun fócas a chur ar a gcuid oibre ba cheart do gach CCP Plean Straitéiseach gairid a fhorbairt, atá dírithe ar ghníomhartha comhordaithe a bhaint amach mar aon le torthaí inmhianaithe agus laistigh de fhrámaí ama sonraithe, chun tacú le póilíneacht fheabhsaithe agus le cosc ar choireacht.

b. Is plean ilbhliantúil é an Plean Straitéiseach ar féidir pleananna bliantúla a bhunú air. Ba cheart na pleananna Straitéiseacha agus bliantúla a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal. Ba chóir go mbeadh aird sa Phlean Straitéiseach ar phleananna forbartha áitiúla atá ann cheana féin, chomh maith leis an bPlean Bliantúil Póilíneachta don cheantar.

c. In ainneoin iad a bheith uaillmhianach, ba cheart go mbeadh na Pleananna Straitéiseacha agus Bliantúla réalaíoch, go gcuimseodh siad spriocanna intomhaiste agus go mba bhonn úsáideach iad trína bhféadfaidh an CCP measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin agus é féin agus a bhallraíocht a choinneáil cuntasach.

d. Ba cheart don CCP straitéis cumarsáide a fhorbairt freisin. Tá sé sin riachtanach chun a chinntiú go mbítear feasach ar an CCP agus ar na deiseanna atá ann don phobal a bheith rannpháirteach ina chuid oibre, agus chun sonraí ar thorthaí dearfacha a chuid oibre a chur in iúl. Ba cheart go n-aontódh an CCP ar aon ráitis phoiblí a chuirtear amach thar ceann an CCP agus gurb é an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach a d'eiseoidh iad.

e. Chomh maith lena Phlean Straitéiseach féin, ba cheart do CCP a bheith gníomhach a chur le forbairt an Phlean Phóilíneachta Bhliantúil áitiúil, trí theagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh na bliana agus fócas a bheith ar chuspóirí straitéiseacha an CCP. Ba cheart a chur in iúl freisin don Gharda Síochána cad é chomh héifeachtach agus a cuireadh é i bhfeidhm. Bealach tábhachtach atá sa CCP trína dtacaíonn an pobal lena sheirbhís phóilíneachta agus trína gcoimeádann siad cuntasach iad.

f. Ba cheart don CCP a bheith gníomhach maidir le hionchur a bheith aige ar an údarás áitiúil, lena n-áireofaí moltaí faoi athruithe ar pholasaithe, rialacháin nó fodhlíthe.

# Rialachas

## 3.1 Cathaoirleach an CCP agus comhaltaí an CCP a cheapadh

a. Déanfar Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach CCP, a roghnú de réir alt 35(2) den Acht, as measc na gcomhaltaí tofa atá ainmnithe chuig an CCP ag an údarás áitiúil iomchuí, agus a cheapadh trí chomhaontú a dhéanamh le comhaltaí tofa údarás áitiúil an CCP.

b. Ní mhairfidh téarma oifige Cathaoirleach níos lú ná dhá bhliain agus uastréimhse cúig bliana. Tá an Cathaoirleach, chomh maith leis an nGrúpa Stiúrtha, freagrach as a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte seo.

c. Tá cúig chatagóir ballraíochta ag CCP. Is iad sin: comhaltaí an Gharda Síochána; oifigigh ón údarás áitiúil; comhaltaí tofa ón údarás áitiúil; comhaltaí den Oireachtas; agus ionadaithe pobail.

d. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a dhéanfaidh ionadaithe an Gharda Síochána a cheapadh ar an CCP.

e. Is trí rún ón údarás áitiúil a bhunaigh é a cheapfar na comhaltaí eile, nó trí cibé modh eile dá bhforálfaí an t-údarás áitiúil trí rún.

f. Ba cheart do CCP a chinntiú go léiríonn na comhaltaí tofa ón údarás áitiúil réimse na hionadaíochta tofa ar an gcomhairle iomlán, agus ba cheart aird á tabhairt ar an éagsúlacht. Ba cheart dóibh, a oiread agus is féidir, a bheith ionadaíoch ar gach ceantar bardasach i gceantar an údaráis áitiúil, agus in údaráis áitiúla gan ceantair bhardasacha, a bheith ionadaíoch ar gach ceann de na ceantair atá clúdaithe ag an CCP.

g. Maidir le comhaltaí an phobail, ba cheart do gach CCP cinneadh a dhéanamh ar an ionadaíocht phobalbhunaithe is oiriúnaí agus úsáid a bhaint as príomhfhoinsí, mar Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, chun ainmnithe a shainaithint. Ba chóir a chinntiú gur léiriú iad na comhaltaí pobail sin a roghnaítear ar ionadaíocht leathan dhéimeagrafach ar réimse leasanna agus ghuthanna an phobail áitiúil. Áirítear leis sin ionadaíocht ar cheantair ar leith, daoine óga agus leanaí, grúpaí íospartach, leasanna gnó agus pobail ar leith, amhail an Lucht Siúil nó pobail inimirceach.

h. Tá gach pobal éagsúil agus ba chóir don CCP a dhúshlán féin a thabhairt a chinntiú go ndéantar ionadaíocht ina bhallraíocht ar an bpobal ar fad dá ilghnéithí é, nó, nuair nach bhfuil sé sin indéanta, go ndéantar iarrachtaí chun a chinntiú, trí bhealaí eile, go mbíonn deis acu siúd nach mbíonn ionadaíocht acu a gcuid tuairimí a chur in iúl.

i. Chomh fada agus is féidir, ba cheart cloí leis an gcuspóir cothromaíocht inscne 40% ar a laghad a bhaint amach agus ceapacháin á ndéanamh, chomh maith leis an ngá atá le cuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chothú nuair a bhíonn an bhallraíocht á roghnú.

j. Ba cheart go mbeadh sinsearacht leordhóthanach ag comhaltaí an CCP ina n-eagraíochtaí féin chun a chinntiú gur féidir leo dul i mbun cinnteoireachta ar bhealach fiúntach.

k. Níl comhaltaí an CCP i dteideal ionadaithe a cheapadh le freastal agus le bheith rannpháirteach mar chomhaltaí den CCP, seachas oifigigh agus comhaltaí an Gharda Síochána.

l. Ní dhéanfar gníomhartha, cinntí agus imeachtaí CCP neamhbhailí toisc go raibh folúntas ina bhallraíocht, go raibh comhalta dícháilithe nó gur cheart dó a bheith dícháilithe, nó nach raibh go leor de chomhaltaí Oireachtais ar fáil le bheith rannpháirteach. *(Tá treoir mhionsonraithe bhreise ar bhallraíocht an CCP ar fáil sna haguisíní)*.

## 3.2 Cuntasacht

a. Ceanglaíonn alt 36(5) den Acht ar gach CCP tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil agus cóip den tuarascáil a chur ar fáil don Údarás Póilíneachta, an tAire Dlí agus Cirt, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Coimisinéir an Gharda Síochána tráth nach déanaí ná 3 mhí i ndiaidh dheireadh gach bliana.

b. Ba cheart go leagfaí amach go mion sa tuarascáil bhliantúil na rudaí is mó atá bainte amach ag an CCP, measúnú ar a fheidhmíocht i gcomparáid lena spriocanna straitéiseacha, taifead de na cruinnithe a eagraíodh agus ballraíocht an CCP. Is doiciméad tábhachtach é seo mar go léiríonn sé trédhearcacht don phobal ar obair agus ar an méid atá bainte amach ag an gCoiste i gcomparáid lena phlean bliantúil agus straitéiseach. Is féidir leis léargais luachmhara a thabhairt freisin ar thionscnaimh ar éirigh leo nó ar rudaí a d’fhéadfadh CCPnna eile foghlaim uathu.

c. Nuair is féidir, ba cheart leathanach gréasáin do gach CCP a óstáil ar shuíomh Gréasáin an údaráis áitiúil ábhartha. Ba cheart go gcuirfí ar an leathanach sin cóipeanna de na tuarascálacha bliantúla, sonraí faoi chruinnithe atá le teacht, cláir oibre agus miontuairiscí ó chruinnithe a bhí ann roimhe seo agus nuashonruithe ar ghníomhartha comhaontaithe. Ba cheart miontuairiscí a chur ar fáil ar líne chomh luath agus is féidir i ndiaidh iad a bheith faofa.

d. Chun trédhearcacht agus cuntasacht don phobal a éascú, tá dátaí cruinnithe, cláir oibre, miontuairiscí, doiciméid agus tuarascálacha chuig an CCP agus uaidh le cur ar fáil don phobal ar líne.

# Meastóireacht agus Forbairt Acmhainne

## 4.1 Cur Chuige i leith Meastóireachta

a. Ba cheart don CCP, ar a laghad dhá uair sa bhliain, a éifeachtacht féin a mheas le chéile. Nuair a bhítear á dhéanamh sin ba chóir dó tuairimí ó na fóraim áitiúla a lorg, chomh maith le tuairimí grúpaí agus eagraíochtaí pobail. Is iad na nithe a d'fhéadfaí a chur san áireamh i bplé den sórt sin:

i. An tuiscint a bhíonn ag daoine ar obair an CCP

ii. An leibhéal freastail ar chruinnithe poiblí agus a mhéid a léiríonn an tinreamh leithead iomlán an phobail agus a cheadaigh sin tuairimí an phobail ina ilghnéitheacht uile a éisteacht agus a bhreithniú.

iii. Caighdeán an eolais a fhaightear ón nGarda Síochána agus leordhothánacht an eolais mar bhonn chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna póilíneachta a gcaithfear tabhairt fúthu, agus chun bonn eolais a chur faoi réitigh a fhorbairt.

iv. A mhéid comhoibrithe a bhíonn ann le fóraim áitiúla agus a éifeachtaí is atá an CCP ag freagairt do na saincheisteanna a éiríonn as sin.

v. A mhéid a chuaigh an Coiste i dteagmháil le Gardaí áitiúla maidir le forbairt an Phlean Phóilíneachta Bhliantúil agus an measúnú leanúnach ar a thionchar.

vi. An dul chun cinn atá déanta i gcomparáid le Plean Straitéiseach an Choiste féin.

vii. A mhéid atá an Coiste ag cloí le meon agus le hábhar na dtreoirlínte.

## 4.2 Forbairt Acmhainne agus comhroinnt eolais

a. Ar chríochnú na meastóireachta, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fhorbairt amach anseo. Má shainaithnítear oiliúint nó forbairt acmhainne, ba cheart a mheabhrú iad sin a chur san áireamh agus straitéisí agus pleananna oibre bliantúla á bhforbairt.

b. Ba cheart go dtarlódh an oiliúint ar bhonn comhchoiteann agus go gclúdódh sí oiliúint ar róil agus ar fhreagrachtaí an CCP, le béim ar chomhar agus ar chomhoibriú. Is tábhachtach go gcuirfí oiliúint ar Chathaoirligh agus ar leas-chathaoirligh agus coistí á n-éascú, agus ba cheart agus comhaltaí pobail á n-oiliúint go mbeifí ag iarraidh cur lena muinín agus lena scileanna ceannaireachta, chomh maith lena gcumas ionadaíocht a dhéanamh ar a bpobail.

c. Ba cheart do gach CCP breathnú ar CCPnna eile, CSPnna, struchtúir phobail lena n-áirítear na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRPnna), comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí a oibríonn sa cheantar údarás áitiúil céanna a mbeadh saineolas nó eolas acu a d'fhéadfaí a roinnt chun cur le cumas an JPC.

# Aguisín 1: Ballraíocht CCP

a. Is gné thábhachtach de na CCPnna í éagsúlacht na gcomhaltaí. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh agus comhaltaí á roghnú ón nGarda Síochána, an t-údarás áitiúil, comhaltaí an phobail, comhaltaí tofa go háitiúil agus comhaltaí an Oireachtais go mbíonn aird ar an éagsúlacht agus go ndéanfaí ionadaíocht i measc na gcomhaltaí ar dhéimeagrafaic agus ar phobal cheantar an údaráis áitiúil.

b. Ba cheart do chomhaltaí den Oireachtas ar mian leo a bheith ina gcomhaltaí dá CCP ábhartha a leas a chur in iúl do Chathaoirleach an CCP. Níor cheart go mbeadh comhaltaí Oireachtais ina gcomhaltaí de níos mó ná CCP amháin, ach amháin i gcás ina bhfuil roinnt CCPnna sa toghcheantar a bhaineann leo. Ní féidir le comhaltaí den Oireachtas a bheith ar fhochoiste de chuid níos mó ná CCP amháin.

c. Tá cead ag comhaltaí den Oireachtas nach comhaltaí de CCP iad freastal ar chruinnithe gan réamhfhógra a thabhairt, agus cuirfear fógra, clár oibre agus miontuairiscí cruinnithe ar fáil dóibh, chomh maith le tuarascálacha óna CCP áitiúil agus chuig a CCP áitiúil, ach é sin a iarraidh.

d. Beidh Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil, nó a ainmní, ina chomhalta den CCP; d'fhéadfadh oifigigh údaráis áitiúil a mheastar a bheith iomchuí do ghnó an chruinnithe teacht leo chuig cruinnithe. Má roghnaíonn an Príomhfheidhmeannach seachvótálaí a ainmniú ina áit ba chóir go mbeadh an grád cuí acu chun riachtanais an róil a chomhlíonadh.

e. Ba cheart gurb é an tArd-Cheannfort ábhartha nó céim nach ísle ná Ceannfort a bheadh mar ionadaí sinsearach an Gharda Síochána ar an CCP; féadfaidh comhaltaí eile den Gharda Síochána agus comhaltaí foirne eile teacht leo, de réir mar a mheastar is cuí do gach cruinniú.

f. Ba cheart go mbeadh 25-35 comhalta ag gach CCP ag brath ar fhairsinge cheantar an údaráis áitiúil a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta air. Ba cheart sa mhiondealú ar bhallraíocht go léireofaí a bheag nó a mhór an miondealú céatadáin atá leagtha amach thíos. Ní dhéanfar foireann riaracháin nó tacaíochta an CCP a chur san áireamh sna figiúirí ballraíochta.

    i. Oifigigh Údarás Áitiúil (10%),
    ii. Ionadaithe an Gharda Síochána (10%),
    iii. Ionadaithe tofa áitiúla (45%),
    iv. Ionadaithe pobail (25%),
    v. Comhaltaí an Oireachtais (10%).

g. Féadfaidh corrfholúntais teacht chun cinn mar gheall ar bhás, éirí as oifig nó dícháiliú an chomhalta reatha, nó ar chúiseanna eile. Comhalta a cheapfar chun corrfholúntas a líonadh féadfaidh sé freastal don chuid eile den téarma sin.

h. Ní bheidh comhaltaí ar comhaltaí tofa údarás áitiúil iad ina gcomhaltaí den CCP má scoireann siad de bheith ina gcomhaltaí den údarás áitiúil. Scoirfidh comhalta den CCP, cé is móite de chomhaltaí tofa údarás áitiúil, de bheith ina chomhalta den CCP má éiríonn sé as an CCP nó má scoireann sé de bheith ina chomhalta den ghrúpáil ónar ainmníodh don CCP é. Is féidir duine a d'éirigh as nó a bhfuil deireadh tagtha lena théarma a atoghadh má bhíonn siad incháilithe do bhallraíocht.

# Aguisín 2: Cruinnithe an CCP

a. Féadfaidh an CCP an oiread cruinnithe a mheasann an Grúpa Stiúrtha is gá a bheith aige chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

b. Ba cheart go mbeadh cruinnithe poiblí cuimsitheach, ba cheart iad a fhógairt go forleathan agus ba cheart go ndéanfaí poiblíocht orthu sa cheantar áitiúil chun tinreamh agus rannpháirtíocht ó gach earnáil den tsochaí a spreagadh, lena n-áirítear pobail imeallaithe nó pobail nach gcloistear a dtuairimí go minic. Ba cheart go gceadófaí rannpháirtíocht i gcruinnithe poiblí, amhail ceisteanna a chur isteach roimh ré ón urlár. Ba chóir go mbeadh an bhéim ag cruinnithe poiblí ar shaincheisteanna ginearálta póilíneachta a bhféadfadh téamaí a bheith leo.

c. Cuirfidh ionadaí ón nGarda Síochána tuarascáil faoi bhráid an CCP ag gach cruinniú faoi leibhéil agus faoi threochtaí coireacht áitiúil. Ba cheart go dtabharfadh an tuarascáil seo forléargas ginearálta agus go dtagródh sí do shonraí staitistiúla maidir le roinnt cineálacha coireachta a roghnaíonn an CCP. Ba cheart go dtabharfadh sé comhthéacs taobh thair de na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar na leibhéil seo, chomh maith le hiarrachtaí chun coireacht a chosc. B'fhéidir gur mhian leis an CCP faisnéis a lorg go tréimhsiúil ar chineálacha áirithe coireachta nach bhfuil san áireamh sa tuairisciú caighdeánach chun cuidiú le plé ar phríomhábhair.

d. Déanfaidh Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil, nó a ainmnitheach, tuarascáil faoina bhfeidhmeanna i ndáil le sainchúram agus le hobair an CCP a chur i láthair.

e. Más féidir, ba cheart tuarascálacha ón nGarda Síochána agus ón údarás áitiúil a chur isteach roimh ré le go mbeidh deis ag comhaltaí amharc orthu. Féadfar doiciméid rúnda a dhéanamh díobh más gá.

f. Ba chóir go mbeadh seisiún gairid ceisteanna agus freagraí le comhaltaí an CCP i ndiaidh gach cur i láthair, agus plé ar fhreagraí amach anseo. Ba chóir gníomhartha a éiríonn as a nótáil i miontuairiscí an chruinnithe.

g. Ní mór plé ag cruinnithe CCP cloí le gach reachtaíocht shibhialta, choiriúil, chearta daonna, phríobháideachta agus sonraí. Níor cheart faisnéis trínar féidir duine ar bith a aithint a nochtadh ná a phlé. Ní fhéadfaidh an CCP, in aon imthosca, cásanna sonracha, imscrúduithe coiriúla, slándáil an Stáit a phlé, faisnéis a nochtadh a dhéanann dochar d’oibríochtaí an Gharda, ná achomhairc phoiblí a dhéanamh. Níor cheart faisnéis rúnda nó oibríochta a nochtadh, fiú más freagra ar cheisteanna í.

# Aguisín 3: Cruinnithe a riar

a. Ba cheart cruinnithe CCP a shocrú 15 lá oibre ar a laghad roimh ré, ag an gcruinniú roimhe sin más féidir, agus níor cheart iad a chur ar ceal seachas in imthosca eisceachtúla, agus sin amháin le comhaontú an Ghrúpa Stiúrtha.

b. Ba cheart am, dáta agus láthair na gcruinnithe a chur in iúl do chomhaltaí i scríbhinn 15 lá oibre ar a laghad roimh ré. Má chuirtear cruinniú ar ceal ba chóir don Chathaoirleach socruithe nua a aontú agus comhaltaí a chur ar an eolas chomh gasta agus is féidir.

c. Ba chóir cruinnithe a shocrú ag amanna agus ag láithreacha a dhéanfaidh tinreamh a uasmhéadú, agus ba chóir go ndéanfaí tagairt do sceidil Oireachtais agus do ghealltanais chomhairle na gcomhaltaí cuí.

d. Ar a laghad 10 lá oibre roimh chruinniú poiblí an CCP, ba cheart fógraí a dhéanamh ina gcuirtear in iúl don phobal dáta, am, ionad agus cuspóir an chruinnithe agus go bhfuil fáilte rompu a bheith i láthair agus ceisteanna a chur ar chomhaltaí an CCP. Ba cheart go mbeadh seoladh, uimhir theileafóin agus próiseas luaite i leith ceisteanna a chur isteach roimh ré agus ba cheart a lua go mb’fhéidir nach mbeadh aon fhaisnéis a lorgaítear ar fáil, ach go gcuirfear ar fáil í nuair is féidir. Ba cheart go gcuirfeadh údaráis áitiúla, an Garda Síochána agus gach comhalta den CCP eolas ar an CCP agus ar a fhochoistí chun cinn.

e. Ba chóir clár oibre, doiciméid agus miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a chur ar fáil do chomhaltaí agus do lucht freastail cúig lá oibre roimh gach cruinniú, agus go ndéileálfaí leo faoi rún go dtí go mbíonn an cruinniú ann. Caithfidh cláir oibre a bheith gonta agus an t-am atá ar fáil a léiriú, chomh maith le róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara go léir. Déanfaidh an Cathaoirleach measúnú roimh an gcruinniú ar iarratais ar ábhair phráinneacha a chur ar an gclár oibre.

f. Ba cheart córam do gach cruinniú a chinneadh ar an dóigh chéanna le haon chruinniú den údarás áitiúil.

g. Ba cheart do chomhaltaí an CCP aon choimhlint leasa a bhaineann leis na hábhair atá á bplé a fhógairt go hoscailte, agus tarraingt siar ón gcruinniú agus ábhar den chineál sin á phlé.

h. Déanfar miontuairiscí gach cruinnithe a thaifeadadh agus a chur faoi bhráid chomhaltaí an CCP ag an gcéad chruinniú eile i ndiaidh beachtas agus leasuithe a dhearbhú. Ba cheart go mbeadh sé soiléir sna miontuairiscí am, dáta, ionad cruinnithe, ainmneacha an lucht freastail, leithscéalta, cuairteoirí, na míreanna a pléadh, na gníomhartha a comhaontaíodh, agus stádas na ngníomhartha atá fós le déanamh. Síneoidh an Cathaoirleach miontuairiscí dearbhaithe nó leasaithe agus beidh siad mar thaifead oifigiúil ar na himeachtaí.

i. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an CCP straitéis tras-earnála a fhorbairt agus comhthoil a chruthú. Ba cheart cinntí a dhéanamh trí chomhaontú, ach amháin más rud é go bhfuil sé sin dodhéanta, agus sa chás sin ceadaítear vótáil. Má dhéantar vótáil beidh vóta amháin ag gach comhalta, ach tá sé i dteideal gan vóta a chaitheamh, agus ba chóir taifead a dhéanamh air sin. Má bhíonn vóta cothrom, beidh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach.

j. Féadfar cuireadh a thabhairt do dhaoine nach comhaltaí iad chuig cruinnithe an CCP nó chuig na fochoistí, nuair is cuí, chun labhairt ar réimsí a saineolais atá ar an gclár oibre. Ba cheart don Ghrúpa Stiúrtha comhordú a dhéanamh ar na socruithe ina leith sin.

k. Ba cheart ceisteanna a chuirtear agus freagraí a thugtar ag cruinnithe a thaifeadadh, mar shampla sna miontuairiscí, mar gur cuid de thaifid oifigiúla an CCP iad.

l. I gcás iompair as ord ag cruinniú, féadfaidh an Cathaoirleach na bearta seo a leanas a ghlacadh:

    i. má bhraitheann an Cathaoirleach go bhfuil comhalta de CCP ag tabhairt neamhairde de shíor dá rialú, nó go bhfuil a iompar mar chomhalta neamhrialta, míchuí, maslach nó ag cur bac ar ghnó an chruinnithe, agus go bhfuil comhairle tugtha ag an gcathaoirleach do na comhaltaí a bhí i láthair tríd an gcomhalta lena mbaineann a ainmniú, ansin féadfaidh an Cathaoirleach nó aon chomhalta a mholadh “go bhfágfaidh an comhalta ainmnithe an cruinniú”; má thugtar tacaíocht don rún sin ba cheart vóta a chaitheamh air gan é a phlé. Má aontaítear gur cheart don chomhalta imeacht, níl sé i dteideal páirt a ghlacadh níos mó sa chruinniú an lá sin.

    ii. má bhraitheann an Cathaoirleach go bhfuil mí-ord ginearálta nó cur isteach ann a chuireann bac ar ghnó an chruinnithe, nó má dhiúltaíonn comhalta imeacht i ndiaidh an nós imeachta in i. thuas a chur i bhfeidhm , féadfaidh an Cathaoirleach an cruinniú a chur ar atráth go dtí am a measann siad gur féidir ord a chur ar bun arís.

2022